# FOIRM IARRATAIS AR NASC NUA

## Forbairt Ilaonad (Foirm NC1)

esbnetworks.ie

Tá an t-eolas a iarrtar ar an bhfoirm iarratais seo ag teastáil ó ESB Networks CGA le cur ar ár gcumas do nasc soláthair leictreachais a chur ar bun agus a bhainistiú. Mar Oibreoir an Chórais Dáileacháin, tá an t-eolas seo ag teastáil freisin le cur ar chumas ESB Networks CGA an líonra leictreachais a bhainistiú. Is é ESB Networks CGA an rialaitheoir sonraí. Tá ár mbeartas príobháide le fáil ag https://esbnetworks.ie/privacy

## Iarratas i dtaca le Forbairt Ilaonad Nua

(Úsáidtear an fhoirm seo le haghaidh 2 theach, árasán, aonad tráchtála/thionsclaíocha, nó níos mó ná sin)

Comhlánaigh gach cuid i mBLOCLITREACHA

Ná fág aon chuid bán; Scríobh N/B mura mbaineann cuid áirithe le hábhar.

**ÚSÁID OIFIGIÚIL AMHÁIN**

Uimh. Fógra: ____________________

Comhadainm na Líníochta: ____________________

Grúpa Pleanálaithe: ____________________

Rinneadh Teagmháil ar an: ____________________

Fógra Roimhe: ____________________

### 1. Ainm agus seoladh comhfhreagrais an fhorbróra

Líne thalún: 

Uimhir fóin póca: 

R-phost: 

Uimh. CBL 

**Déan cinnte de go bhfuil an teideal ceart luaite thuas (i.e. cuideachta theoranta / comhpháirtíocht / trádálaí aonair) toisc go seolfar an sonrasc CBL deiridh chuig an ainm sin**

### 2. Ainm agus seoladh na forbartha

Uimhir Thagartha Phleanála: 

Is forbairt nua é seo ☐ Ainm an Údaráis Áitiúil 

Is céim leantach é seo d'fhorbairt atá ann cheana ☐ Uimhir fógra roimhe: 5 0 0

**Tabhair do d'aire: Cuir litir ón Údarás Áitiúil (ar pháipéar litreach ceannteidil) faoi iamh ina ndeimhnítear ainm deiridh na forbartha.**

### 3. Ainm agus seoladh teagmhála (murab ionann iad agus 1. thuas)

Teideal: An tUas. ☐ Bean ☐ Iníon ☐ Eile ____________________

Céadainm  Sloinne 

Líne thalún: 

Uimhir fóin póca: 

R-phost: 

## 4. Líon iomlán na nasc

Aonaid Tráchtála/Thionsclaíocha (Líon) _______ Tithe (Líon) _______ Árasáin (Líon) _______

Tiarna Talún (Líon) _______ Comhiomlánóir d'Fheithiclí Leictreacha (Líon) _______ Iomlán (Líon) _______

## 5. Léarscáil ón tSuirbhéireacht Ordanáis agus Leagan Amach an Láithreáin

**Cuir faoi iamh:**

- **Léarscáil ón tSuirbhéireacht Ordanáis de shuíomh an láithreáin, méid A3 ar a laghad, ar a bhfuil an láithreán imlínithe go soiléir.**
- **Leagan amach an láithreáin, méid A3/scála 1:500 ar a laghad, chomh maith le leagan leictreonach de.**

**Éilítear léarscáil leictreonach i bhformáid CAD i gcás dhá theach/aonad nó níos mó ná sin nuair atá siad laistigh d'fhorbairt nua bheartaithe nó d'fhorbairt atá ann cheana féin. Ba chóir don léarscáil leictreonach a bheith ag cloí leis an gcaighdeán a bhfuil breac-chuntas tugtha air ar leathanach cúil na foirme iarratais seo.**

**Mura mbeidh Leagan Amach an Láithreáin ag cloí leis an gcaighdeán, cuirfear d'iarratas ar ais chugat agus ní dhéanfar é a phróiseáil.**

**Ba chóir an léarscáil a chur tríd an r-phost chuig developmentmaps@esb.ie**

**Sonraigh ainm an chomhaid agus an dáta ar seoladh an r-phost.**

**Ainm an Chomhaid:** ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐

**Dáta a Sheolta:** ☐☐ ☐☐ ☐☐☐☐

# Sceideal na nUalaí Leictreacha i gcomhair Forbairt Ilaonad

## 6. Trealamh suiteáilte

| | | |
|---|---|---|
| An bhfuil taisctheámh oíche suiteáilte? | Tá ☐ | Níl ☐ |
| An bhfuil teas leictreach spáis/faoin urlár suiteáilte? | Tá ☐ | Níl ☐ |
| An bhfuil pointí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha le suiteáil? | Tá ☐ | Níl ☐ |
| An bhfuil teaschaidéal suiteáilte? | Tá ☐ | Níl ☐ |
| An bhfuil grianphainéil fhótavoltacha suiteáilte? | Tá ☐ | Níl ☐ |

**Má tá grianphainéil fhótavoltacha suiteáilte, comhlánaigh foirm NC6, atá le fáil ó esbnetworks.ie**

## 7. Sonraí maidir leis an nasc

Le go mbeimid in ann comhaontú forbartha a chur ar fáil duit, comhlánaigh an tábla thíos go ceart cruinn, lena n-áirítear na huimhreacha a shannfar do na haonaid ar deireadh, na seoltaí poist, agus an MIC a bheidh ag teastáil in aghaidh an aonaid. Sonraigh má bhíonn taraif leictreachais 24 uair an chloig/ama úsáide ag teastáil d'aon aonad/teach/árasán. Tabhair faoi deara: Áirítear teaschaidéil agus pointí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha leis na hualaí atá oiriúnach do tharaif leictreachais ama úsáide. Má tá amhras ar bith ort, téigh i ndáil chomhairle le do chonraitheoir leictreachais. Tabharfaidh do sholáthróir eolas duit faoi na taraifí éagsúla atá ar fáil.

**Forbairt nua** ☐ **Forbairt atá ann cheana** ☐

## Seoladh poist (léirigh ar an léarscáil láithreáin)

Sampla

| Teach/Árasán/ Aonad/Tiarna Talún | Ó | Chuig | Ainm an Fhoirgnimh | Ainm na Sráide/an Bhóthair, | MIC | Céim | "Taraif 24 ur. /ama úsáide | Méadrú Láraithe (Tá/Níl) | Taiscthéamh san Aonad (kW) | Córas Teaschaidéil san Aonad (kW) | Pointe Luchtaithe d'Fheithicil Leictreach san Aonad (kW) | Ualaí móra eile (kW) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| TEACH | 1 | 27 | ------------ | AN EACHLANN | 12 | 1 | 24 UR | NÍL | – | 2 | 2 | – |
| ÁRASÁN | 1 | 7 | TÚR NA gCÉADAR | AN EACHLANN | 12 | 1 | Am úsáide | Tá | 4.5 | – | 2 | – |
| TIARNA TALÚN | – | – | TÚR NA gCÉADAR | AN EACHLANN | 15 | 1 | 24 UR | Tá | – | | 2 | 5 |
| AONAD | 1 | | AN TEACH TRÁCHTÁLA | BÓTHAR UÍ CHLÉIRIGH | 65 | 3 | MD | Tá | | 2 | 2 | – |
| Tabhair do d'aire: Nasctar árasáin trí lársheomra méadar; nasctar tithe trí bhosca aonair méadair taobh amuigh den teach. Is féidir le haonaid tráchtála a bheith nasctha ar cheachtar den dá bhealach. Déanfaidh an Oifig Deartha Áitiúil de chuid ESB Networks CGA na socruithe méadraithe a dheimhniú. | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | |

Tabhair do d'aire go ngearrfar táillí breise ort má athraítear na seoltaí arís amach anseo. Úsáid tuilleadh leathanach más gá

## Riachtanais thábhachtacha

Ní dhéanfar d'iarratas a phróiseáil má bhíonn aon cheann de na nithe seo a leanas neamhiomlán nó in easnamh. Dá chruinne an t-eolas a chuirfear ar fáil is ea is fearr a fheilfidh an líonra a dhearfar do do chuid riachtanas. Déan cinnte de go gcuirfí ar fáil na huimhreacha, na seoltaí, agus an t-eolas MIC go léir le haghaidh na n-aonad/na dtithe/na n-árasán aonair uile. Dá n-athrófaí an t-eolas sin amach anseo, bheadh ar ESB Networks CGA meastachán/dearadh athbhreithnithe a eisiúint agus ghearrfaí táillí breise ort dá réir sin.

**Déan cinnte de go gcomhlánófaí na nithe seo a leanas agus go gcuirfí ar ais chugainn iad:**

- **Foirm iarratais chomhlánaithe, shínithe.**
- **Léarscáil ón tSuirbhéireacht Ordanáis de shuíomh an láithreáin, méid A3 ar a laghad.**
- **Cóip de leagan amach an láithreáin ón ailtire, méid A3 agus scála 1:500 ar a laghad, ar a léirítear ainm, seoltaí, agus uimhreacha deiridh na forbartha.**
- **Cóip leictreonach de leagan amach an láithreáin i bhformáid CAD, mar atá mínithe ar an leathanach deiridh. Seol tríd an r-phost chuig developmentmaps@esb.ie í**
- **Cóip de litir ón Údarás Áitiúil ina ndeimhnítear ainm deiridh na forbartha.**

## Sábháilteacht

Ní cheadaítear obair thógála faoi línte lastuas de chuid ESB Networks CGA agus ordóidh ESB Networks CGA go gcuirfí stop lena leithéid d'oibreacha láithreach bonn. Má theipeann ar na forbróirí géilleadh d'ordú den sórt sin, cuirfear fios ar an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Cuireann ESB Networks CGA ábhar sábháilteachta ar fáil i roinnt formáidí éagsúla, lena n-áirítear leabhráin agus físeáin. Téigh chuig ár láithreán gréasáin ag esbnetworks.ie le tuilleadh eolais a fháil ar chúrsaí sábháilteachta.

Más ann do línte nó cáblaí de chuid ESB Networks ar an láithreán, caithfear léarscáileanna den láithreán a iarraidh ar an Lár-Oifig Léarscáilithe Líonra – Fón: 1800 928 960, nó tríd an r-phost dig@esb.ie. Caithfear córais chuí oibre sábháilte a chur i bhfeidhm nuair a dhéantar obair gar dá leithéid de línte lastuas nó cáblaí faoi thalamh – féach freisin na Cóid Chleachtais Bhainteacha atá ceadaithe ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.

## Cosaint sonraí

Féadfaidh ESB Networks CGA do chuid sonraí pearsanta a úsáid a mhéad is gá (a) chun do chomhaontú naisc a bhunú agus a bhainistiú (b) chun a cheadúnas agus oibleagáidí dlíthiúla eile atá air a chomhlíonadh; agus/nó (c) ar mhaithe lena leasanna dlisteanacha (ar choinníoll nach mbeidh na leasanna sin ag teacht salach ar do chearta agus saoirsí bunúsacha). Féadfar na sonraí pearsanta atá tugtha agat san fhoirm iarratais seo a nochtadh le páirtithe eile sna cásanna seo a leanas:

- Agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh ag ESB Networks CGA, féadfaidh sé seirbhísí conraitheoirí nó soláthróirí eile a úsáid. Féadfaidh ESB Networks CGA do chuid sonraí a nochtadh leis na páirtithe sin a mhéad is gá chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh agus ar chuntar nach ceadmhach dóibh do chuid sonraí a úsáid ach amháin de réir na dtreoracha a thabharfaidh ESB Networks CGA dóibh. Éilítear orthu do chuid sonraí a choinneáil slán sábháilte, leis.
- Féadfaidh ESB Networks CGA a nochtadh le cuideachtaí ceadúnaithe soláthair leictreachais agus le páirtithe eile a bhfuil baint acu le do sholáthar leictreachais gurb ann do do nasc, chomh maith le suíomh agus/nó gnéithe teicniúla an naisc sin. I gcás naisc nua, cuirfidh ESB Networks CGA d'uimhir theagmhála fóin ar fáil do chuideachtaí ceadúnaithe soláthair leictreachais d'fhonn fuinnmhiú an naisc an éascú.
- Féadfaidh sé go n-éileofar ar ESB Networks CGA leis an dlí, nó lenár ndualgais cheadúnais, sonraí atá i seilbh ESB Networks CGA fútsa, faoi do sholáthar leictreachais nó faoi do nasc a chur ar fáil do ghníomhaireachtaí nó ranna rialtais, don Choimisiún um Rialáil Fóntais nó do thríú páirtithe eile.
- Féadfaidh sé go dtabharfar sonraí teagmhála do chuideachta ghairmiúil taighde margaidh chun críche taighde a dhéanamh ar cé chomh sásta is atá tú leis na seirbhísí arna gcur ar fáil ag ESB Networks CGA. Féadfar an t-eolas sin a úsáid chomh maith leis na seirbhísí a chuirimid ar fáil mar Oibreoir an Chórais Dáileacháin a fheabhsú.

## Síniú

Síniú: ______________________ Post: ______________________

Full Name (BLOCK CAPITALS): ______________________ Date: ____________

Tríd an bhfoirm seo a shíniú, tá tú ag glacadh le Coinníollacha Ginearálta ESB Networks CGA maidir le nascadh, agus le gach leasú orthu a fhéadfaidh an Coimisiún um Rialáil Fóntais a fhaomhadh ó am go chéile. Tá tú ag aontú go ligfidh tú do ESB Networks CGA an líonra a nascadh le do chuid trealaimh. Admhaíonn tú go bhfuil sé de cheart againn custaiméirí eile a nascadh leis an líonra.

## An nDearna tú?

- **An fhoirm iarratais a shíniú agus dáta a chur léi?**
- **An léarscáil ón SO agus leagan amach an láithreáin a chur faoi iamh?**
- **Leagan amach an láithreáin a chur isteach i bhformáid leictreonach CAD tríd an r-phost chuig developmentmaps@esb.ie agus ainm an chomhaid agus dáta do r-phoist a líonadh isteach (féach Cuid 5).**
- **(Cuid 7) Tábla na seoltaí poist a líonadh isteach go hiomlán cruinn?**
- **Litir ón Údarás Áitiúil ina ndeimhnítear ainm deiridh na forbartha a chur faoi iamh?**

## Cuir an fhoirm iarratais ar ais chuig

**ESB NETWORKS CGA, IARRATAIS AR NAISC NUA, BÓTHAR AN tSÁIRSÉALAIGH, WILTON, CORCAIGH. T12 E367**

Go raibh maith agat as an dua a chur ort féin an fhoirm seo a chomhlánú ina hiomláine.

# NÁ DÉAN DEARMAD!

NÁ TÓG FAOI SHREANGA LEICTREACHAIS NÁ GAR DÓIBH

# BÍ SÁBHÁILTE, FAN AMACH Ó SHREANGA LEICTREACHAIS

**ESB NETWORKS CGA**


**Féach thall na sonraíochtaí le haghaidh do léarscáile leictreonaí cad.**

**Ní dhéanfar d'iarratas a phróiseáil go dtí go mbeidh an léarscáil leictreonach cad ag cloí leis an gcaighdeán atá sonraithe thall.**


## An tsonraíocht le haghaidh léarscáileanna leictreonacha

- Ní mór don fhorbróir cóip inghlactha de leagan amach an láithreáin a chur ar fáil i bhformáid chomhaid CAD. Is é Microstation DGN ár rogha formáide CAD, ach glacfar le Autocad DWG agus DXF chomh maith.
- Caithfidh plean imlíneach dín den fhorbairt a bheith san áireamh i leagan amach an láithreáin (i.e. gan sonraí faoi thaobh istigh na bh foirgneamh, amhail troscán, daingneáin nó feistis, srl.) Tá plean imlíneach bloic de dhíth i gcás bloic árasán.
- Caithfidh gach bóthar, cosán, colbha, spás páirceála agus teorainn/roinnteán maoine a bheith san áireamh ar leagan amach an láithreáin.
- Caithfidh leagan amach an láithreáin a bheith saor ó mhíreanna amhail comhrianta, pábháil, tírdhreachú, séaraigh bhréana agus príomhphíobáin uisce. Níor chóir tras-haitseáil ná patrúin a chur san áireamh ar an líníocht ach amháin dá mba rud é go mbeadh sé deacair imlíne na bhfoirgneamh a dhéanamh amach gan iad.
- Caithfidh leagan amach an láithreáin a bheith lipéadaithe le pointe an tuaiscirt agus tagairt léarscáile na Suirbhéireachta Ordanáis, agus caithfidh líon nach lú ná 4 phointe tagartha don léarscáil ábhartha ón tSuirbhéireacht Ordanáis a bheith luaite (m.sh. cúinní sráide atá ann cheana, tagarmharcanna, srl.)
- Caithfidh leagan amach an láithreáin a bheith lipéadaithe le hainmneacha deiridh na sráideanna, mar aon le huimhreacha na dtithe.
- Ba chóir leagan amach an láithreáin a chur tríd an r-phost chuig: developmentmaps@esb.ie
  **Déan cinnte de go bhfuil ainm agus seoladh na forbartha agus ainm an fhorbróra luaite i líne ábhair an r-phoist.**

## NEAMH-INGHLACTHA




## INGHLACTHA




**ESB Networks**

**Stiúrthóirí:** Marguerite Sayers (Cathaoirleach), Nicholas Tarrant, Caroline Spillane, Ian Talbot, Michael Nolan.
**Oifig chláraithe:** T3 Gateway, Bóthar an Phoirt Thoir, Baile Átha Cliath 3, D03 R583, Éire
**Cláraithe in Éirinn, Uimhir Chláraithe** . 465172

Part Number: ESB/9806786-8 Rev. Jan 2025. DOC-130715-CAA